***Feabhra 22***

## *SAOIRE STAIDÉIR & SCRÚDAITHE DO BHAILL FOIRNE SEACHAS MÚINTEOIRÍ/CRSanna*

**(Ciorclán 61/2021)**

Aithníonn Baile Átha Cliath & Dún Laoghaire an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim agus is mian leo an oiread cabhrach agus tacaíochta agus is féidir a chur ar fáil d'fhostaithe.

Féadfar saoire staidéir/scrúdaithe íoctha a cheadú do bhaill foirne seachas Múinteoirí/CRSanna le haghaidh tuilleadh oideachais agus forbartha do gach bliain den chúrsa* a chuirtear ar fáil

(a) cuireann Ollscoil nó institiúid oideachais eile nó comhlacht gairmiúil an cúrsa staidéir ar fáil

(b) bíonn cáilíocht tríú leibhéal mar thoradh air, agus glacann an BOO leis go mbaineann sé le fostaíocht an BOO, agus go bhfuil sé ina bhuntáiste díreach i gcomhlíonadh a ndualgas oifigiúil agus a ról reatha/sa todhchaí agus

(c) tugtar faoin gcúrsa in am saor an fhostaí féin.

### 1. TEIDLÍOCHT SAOIRE ÍOCTHA

### 1.1 Saoire Staidéir

Fostaithe atá ag tabhairt faoi

Cháilíocht **Breisoideachais nó Leibhéal 6**

- 3 lá saoire staidéir do gach bliain den chúrsa, faoi réir uasmhéid iomlán de 10 lá.

**Bunchéime/Fochéime/Iarchéime**

- 5 lá i leith gach bliana de chúrsa bunchéime/fochéime/iarchéime
- 10 lá i leith na bliana deiridh amháin de bhunchéim tríú leibhéal nó fochéim/iarchéim.

- Féadfaidh an BOO 2 lá breise a dheonú i ngach bliain den chúrsa, gan an ghnáthsaoire staidéir 5 lá a áireamh, chun freastal éigeantach ar scoileanna cónaithe a éascú i bpáirt leis na ceanglais maidir le céim a bhaint amach trí chianfhoghlaim. Ní fhéadfar na laethanta breise sin a dheonú ach amháin i leith laethanta ina bhfuil an t-oifigeach sceidealaithe le haghaidh dualgais.

- Féadfar suas le 5 lá saoire staidéir le pá a chur ar aghaidh ón dara bliain dheireanach go dtí an bhliain dheireanach den chúrsa.

Beidh saoire staidéir do bhaill foirne a bhaineann leas as socruithe comhroinnte oibre i bhfeidhm ar bhonn pro-rata.

Beidh laghdú pro rata ar an saoire staidéir i gcás baill foirne nach bhfreastalaíonn ar an gcúrsa iomlán (i.e fostaíocht pháirtaimseartha) i mbliain ar leith.

Ní mór don chúrsa, a bhfuil saoire staidéir íoctha á lorg ina leith, a bheith ar feadh bliana acadúla amháin ar a laghad.

Níl aon teidlíocht ar shaoire le pá do Bhlianta Athdhéanta.

*Ba chóir na tagairtí thuas do "gach bliain den chúrsa" a léirmhíniú mar thagairtí nach gcumhdaíonn ach gnáthfhad an chúrsa mar a shainmhíníonn an institiúid acadúil chuí é, nach gá gurb ionann é agus an fad ama a thógann an duine chun an cúrsa a chríochnú.*

*Mar shampla, má tá ball foirne ag leanúint cúrsa dhá bhliain ach má bhaineann sé/sí leas as roghanna chun na modúil a scaipeadh thar thréimhse níos faide ná dhá bhliain, is é deich lá an t-uasmhéid saoire staidéir íoctha atá ar fáil don bhall foirne sin thar an tréimhse.*

### 1.2 <u>Saoire Scrúdaithe</u>

Beidh an lá/na laethanta/na leathlae chun scrúduithe a dhéanamh a thiteann i rith na seachtaine ceadaithe do bhaill foirne. Má thiteann scrúdú ar lá deireadh seachtaine, áfach, ní dheonófar aon am saoire ina ionad.

*Níl aon teidlíocht maidir le saoire íoctha le haghaidh Scrúduithe Athdhéanta.*

## 2. SAOIRE GAN PHÁ

Féadfar saoire staidéir gan phá a dheonú d'fhostaithe atá ag tabhairt faoi bhreisoideachas agus forbairt.

Incháilitheacht/Teidlíocht:

I. Féadfar suas le trí mhí de shaoire gan phá a ghlacadh chun staidéar a dhéanamh nó chun críocha eile a bhaineann go díreach leis an gcúrsa atá á dhéanamh.
II. Is ar an bPríomhfheidhmeannach atá an cinneadh saoire staidéir gan phá a dheonú
III. Is féidir baill foirne ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí a bhaineann le neamhláithreacht rialta nó leanúnach ó dhualgais oifigiúla a éascú faoi na scéimeanna sos gairme nó faoi scéimeanna comhroinnte oibre, faoi réir na dtéarmaí a bhí i bhfeidhm ag an am.
IV. Féadfar suas le bliain acadúil amháin a dheonú do bhaill foirne incháilithe chun cúrsa iarchéime nó cúrsa staidéir speisialaithe a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil an Príomhfheidhmeannach sásta go mbeidh an cúrsa chun tairbhe dhíreach don bhall foirne agus é/í i mbun a dhualgas/ a dualgas oifigiúil, agus ar choinníoll go bhfuil tréimhse réasúnta seirbhíse tugtha ag an mball foirne cheana féin ina ngrád reatha.